# Ag cuimhneamh ar úsáid agus ról aoichainteoirí in OSPS/OCG

## Réamhrá

Is é is aidhm leis an ábhar seo ná na buntáistí agus na dúshláin a bhaineann le cuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí teacht isteach i do sheomra ranga don cheacht OSPS/OCG a fhiosrú. Cuimsíonn sé na codanna seo a leanas:

- Ag smaoineamh ar chuireadh a thabhairt d'aoichainteoir teacht isteach i do sheomra ranga: machnamh criticiúil
- Cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir: ceisteanna praiticiúla
- Tar éis chuairt an aoichainteora: an fhoghlaim a cheangal leis an teagasc
- Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na n-aoichainteoirí
- Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí[1]?
- Léitheoireacht bhreise

## Ag smaoineamh ar chuireadh a thabhairt d'aoichainteoir teacht isteach i do sheomra ranga

Cuireann caidreamh bunaithe leis na páistí ar chumas múinteoirí ranga OSPS/OCG a theagasc go tuisceanach agus go seasta trí eispéiris foghlama oiriúnacha a fhreastalaíonn ar riachtanais na bpáistí ar fad a phleanáil. Cé go dtuigtear go bhféadfadh aoichainteoir tacaíocht a thabhairt don mhúinteoir ranga in amanna, tá sé tábhachtach am a ghlacadh mar scoil iomlán le cuimhneamh ar cibé acu atá nó nach bhfuil gá le haoichainteoir agus, más gá, cén fáth? Maidir le cuireadh a thabhairt do chainteoirí seachtracha teacht isteach i do sheomra ranga, is fearr an cinneadh sin a dhéanamh i gcomhar le ceannasaíocht na scoile, le tuismitheoirí agus le páistí.

Moltar cuimhneamh ar na gnéithe seo a leanas sula roghnaíonn tú cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir teacht isteach i do sheomra ranga. Bíonn machnamh criticiúil tábhachtach nuair a bhítear ag smaoineamh ar chuireadh dá leithéid sin a thabhairt.

- **Dul chun cinn fhoghlaim na bpáistí:** Déantar OSPS/OCG a theagasc i gcur chuige bíseach ina ndéantar dul siar agus forbairt ar thopaicí gach bliain, rud a sholáthraíonn deiseanna chun dul siar agus athbhreithniú a dhéanamh ar fhoghlaim roimhe sin agus chun í a dhaingniú. Ina thaobh seo, tá sé tábhachtach foghlaim na bpáistí roimhe seo a thuiscint, lena n-áirítear, a gcuid ábhar spéise, na rudaí a bhfuil siad fiosrach fúthu agus a gcuid riachtanas. Beidh tú ar an eolas faoi fhoghlaim na bpáistí roimhe seo, agus ar na chéad chéimeanna eile sa dul chun cinn trí rannpháirtíocht i gcleachtais leanúnacha measúnaithe. Ní bheidh na léargais seo ag aoichainteoir, dá bhrí sin, caithfidh tú cuimhneamh ar cibé acu is féidir nó nach féidir leo tairbhe a dhéanamh do agus cur leis na heispéiris foghlama a chuireann tú ar fáil.

- **Oideolaíocht:** Baineann aoichainteoirí úsáid as réimse de mhodheolaíochtaí agus modhanna teagaisc. Ní mór dóibh seo a bheith ag teacht leis na modhanna a dtacaíonn an curaclam leo. Má tá aoichainteoir á roghnú agat, ní mór cuimhneamh ar conas a chuireann páistí spéis sna modhanna seo agus cibé acu atá nó nach bhfuil siad oiriúnach dá n-aois, dá n-aibíocht agus do chomhthéacs do phobail scoile.

- **Taithí agus scileanna:** Tá réimse aoichainteoirí ar fáil le cuairt a thabhairt ar bhunscoileanna. Tá sé tábhachtach cuimhneamh, áfach, ar cibé acu atá nó nach bhfuil a gcuid taithí agus scileanna oiriúnach don mhéid atá sonraithe agat agus tú ag cuimhneamh ar thaithí agus riachtanais na bpáistí i do rang. D'fhéadfá é seo a dhéanamh trí eolas a lorg ón aoichainteoir go díreach, trí athbhreithniú a dhéanamh ar a shuíomh gréasáin nó trí mholtaí a lorg ó scoileanna eile.

- **Éagsúlacht agus ionchuimsiú:** Ar nós na sochaí, is áiteanna dinimiciúla iad seomraí ranga bunscoile ina mbíonn múinteoirí ag freagairt d'éagsúlacht agus iad ag cuidiú le foghlaimeoirí fás agus forbairt a dhéanamh. Is léir an éagsúlacht sin sa phatrún saibhir a bhíonn ag athrú i gcónaí d'aoiseanna, inniúlachtaí, cultúir,

[1] Is ionann tuismitheoirí anseo agus máithreacha, aithreacha agus daoine a bhfuil freagracht tuismitheora acu i gcaidrimh dhifriúla tuismitheoireachta. D'fhéadfadh sé go gcuimseodh sé sin tuismitheoirí altrama, tuismitheoirí uchtála, leastuismitheoirí, caomhnóirí dlíthiúla agus cúramóirí.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment

eitneachtaí, struchtúir agus cúlraí teaghlaigh, teangacha baile, reiligiúin, féiniúlachtaí gnéis agus tuairimí ar an saol atá ina saintréithe anois de mhórán seomraí ranga bunscoile. Chun freastal ar riachtanais na ndaltaí, bíonn múinteoirí rannpháirteach i measúnú leanúnach a mbíonn caidrimh iontaobhacha mar bhonn faoi. Bunaithe ar na measúnuithe seo agus ar na caidrimh atá acu leis na páistí ina rang, déanann múinteoirí breithiúnais ghairmiúla ar luas, ord, agus leibhéal na foghlama. Tá sé deacair é seo a athchruthú le linn ionchur seachtrach. Cuimhnigh ar cibé acu is féidir nó nach féidir le haoichainteoir gach páiste i do rang a chur san áireamh.

## Cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir

Má chinneann tú go bhfuil aoichainteoir ag teastáil uait, ní mór cuimhneamh ar na nithe seo a leanas.

Roimh an chuairt/na cuairteanna:

- **Téigh i gcomhairle le bainistíocht na scoile:** Beidh sé riachtanach dul i gcomhairle le do phríomhoide scoile má tá sé i gceist agat cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir teacht isteach i do sheomra ranga. B'fhéidir go mbeadh ar do phríomhoide cead a lorg ón mBord Bainistíochta sula dtugtar cuireadh d'aoichainteoir teacht isteach sa scoil agus a chinntiú gur cloíodh leis na nósanna imeachta oiriúnacha maidir le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. (Féach Ciorclán 0031/2016 chun tuilleadh eolais a fháil).
- **Cosaint páistí:** Sula dtugann an t-aoichainteoir cuairt ar an scoil, cinntigh, le do thoil, go bhfuil ráiteas um chosaint páistí do scoile léite aige/aici.
- **Ionchais:** Is minic is féidir le cuairt ó aoichainteoir réimse mothúchán a mhúscailt i bpáistí. B'fhéidir go mothódh cuid acu neirbhíseach, agus mar an gcéanna, is féidir cuid eile acu a bheith giodamach. Tá sé tábhachtach na páistí a ullmhú don chuairt, ní hamháin maidir leis an mbealach a chuirtear le chéile í, ach san fhoghlaim a tharlaíonn roimh ré freisin. Ba cheart an tslí a bhfreagrófar ceisteanna, cinn maidir le gnéithe íogaire den churaclam go háirithe, a aontú roimh ré – mar shampla, an gcuirfidh na páistí ceisteanna isteach go hanaithnid i mbosca ceisteanna nó an mbeidh na páistí in ann ceisteanna a chur pé uair ar mhian leo? Tá sé tábhachtach freisin go ndéantar machnamh ar an tslí a bhfreagrófar ceisteanna na bpáistí. Mar shampla, an dtabharfar freagra orthu nuair a chuirfear iad nó an bhfágfar iad go dtí deireadh an cheachta?
- **Minicíocht agus achar an ionchuir:** Má táthar ag pleanáil le haghaidh aoichainteora, i gcomhthéacs na riachtanas sonraithe agus i gcomhthéacs thaithí na bpáistí, beidh gá le cinnteoireacht chúramach maidir le minicíocht agus fad ionchur an aoichainteora. B'fhéidir go gcuimhneofá ar an bhfad ionchuir is oiriúnaí do spreagadh agus rannpháirtíocht na bpáistí i bhfoghlaim éifeachtach an ábhair. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé seo cur leis an ngá le roinnt cuairteanna thar thréimhse seachtainí chun freastal ar riachtanais foghlama na bpáistí.
- **Ag ceangal leis an bhfoghlaim roimhe seo:** Roimh aon ionchur, tá sé tábhachtach go mbíonn plé idir an múinteoir ranga agus an t-aoichainteoir chun an t-ábhar a phleanáil agus é a cheangal le foghlaim, taithí agus eolas na bpáistí roimhe seo. Ba cheart go gcuirfí ar an eolas thú faoi ábhar ionchur an aoichainteora ag an gcéim seo. Bíonn an múinteoir freagrach as an méid a dhéantar a theagasc, agus cinnteoidh cruinniú pleanála go mbeidh an múinteoir sásta leis na socruithe. Leis seo, beidh deis agat an ról a bheidh agat le linn an ionchuir a chinntiú agus é seo a aontú leis an aoichainteoir.
- **Eispéiris foghlama atá ag teastáil roimh ionchuir:** Cuimhnigh ar na heispéiris foghlama ullmhúcháin atá ag teastáil roimh chuairt an aoichainteora chun cur ar chumas na bpáistí rannpháirtíocht éifeachtach a ghlacadh san ionchur atá aontaithe.
- **Cumarsáid éifeachtach leis an aoichainteoir:** Maidir le tacú leis an aoichainteoir agus é/í ag ullmhú dá (h)ionchur, beidh cumarsáid roimh ré mar chuid de seo. Cuimhnigh ar an ionchur a phleanáil sa tslí chéanna a ndéanfá pleanáil le múinteoir eile - cuir an t-aoi ar an eolas faoin bhfoghlaim ba mhaith leat a chlúdach agus faoi thaithí an ranga go dtí seo. Faigh amach faoin iarfhoghlaim a d'fhéadfadh an t-aoichainteoir a mholadh.
- **Naisc le polasaí OSPS/OCG agus spiorad saintréitheach do scoile:** Forbraítear polasaí OSPS/



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Ag cuimhneamh ar úsáid agus ról aoichainteoirí in OSPS/OCG

OCG scoile i gcomhairle le pobal na scoile. Beidh cur amach agatsa, mar mhúinteoir sa scoil, ar pholasaí do scoile agus tuigfidh tú an cur chuige aontaithe laistigh de do scoil. Roimh an ionchur, cinntigh go dtugtar eolas comhthéacsúil dóthanach don aoichainteoir faoin scoil agus faoina cur chuige maidir le OSPS/OCG.

Le linn chuairt(eanna) an aoichainteora:

- **Cuimhnigh ar an ról atá agat le linn na n-ionchur:** Oibríonn aoichainteoirí i gcónaí faoi threoir agus faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga ábhartha **nach mór** dó/di fanacht sa seomra ranga leis na páistí i gcónaí agus a mbíonn ról lárnach aige/aici san ábhar a theagasc. Trí phleanáil leis an aoichainteoir agus trí thuiscint a bheith agat ar do rang agus ar an dinimic, is féidir leat a chinneadh cén ról a bheidh agat le linn an ionchuir sheachtraigh – mar shampla, comhéascaitheoir, rannpháirtí gníomhach nó breathnóir. Tá na róil seo idirmhalartaithe le linn na n-ionchur seachtrach.
- **Cuimhnigh ar na páistí i do rang:** Dar ndóigh, beidh drogall ar roinnt páistí idirghníomhú mar a dhéanann siad de ghnáth nuair a bheidh aoichainteoir i láthair. Tá sé tábhachtach go dtacaítear leis na páistí sin le linn an tseisiúin. Inis dóibh go mbeidh tú sa seomra ranga le linn na cuairte ar fad. Is bealach iontach é an 'Bosca Ceisteanna' chun cúnamh a thabhairt do pháistí a bhfuil leisce orthu idirghníomhú leis an aoichainteoir. Scríobhann na páistí a gceisteanna go hanaithnid agus cuireann siad i mbosca iad ionas go mbeidh an múinteoir nó an t-aoi in ann freagraí a thabhairt orthu níos déanaí.

**Forléargas an Mhúinteora**

*Déanaim tús aon ionchuir sheachtraigh a chomhtheagasc i gcónaí, ina ndéanaimid athbhreithniú ar na hionchais agus ar na teorainneacha mar aon le hábhar an ionchuir sheachtraigh a chur i láthair agus a nascadh leis an bhfoghlaim roimhe seo. Cabhraíonn sé seo leis na páistí a shocrú agus le hiad a chur ar a gcompord. Le linn ionchur, bíonn ról gníomhach agam nuair a bhíonn ábhar le teagasc ar mhaithe lena léiriú gur cuid den fhoghlaim sa rang é seo seachas a mhalairt.*


Tar éis chuairt(eanna) an aoichainteora:

- **Iarcheachtanna:** Tar éis ionchu(i)r an aoichainteora, b'fhéidir go gcuimhneofá ar roinnt eispéireas foghlama a fhorbairt chun nascadh leis an bhfoghlaim agus leis an taithí ar an iomlán. Déan machnamh ar an bhfoghlaim a tharla mar gheall ar an ionchur agus soiléirigh aon bhearnaí nó teachtaireachtaí a gcaithfear béim a chur orthu arís. B'fhéidir go gcuimhneofá ar na cineálacha eispéireas is féidir a fhorbairt ó ionchur an aoichainteora sa chaoi go bhfeictear mar chuid den fhoghlaim é seachas mar eispéireas aonair agus aon-uaire.
- **Athbhreithniú agus machnamh:** Is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar ionchuir a bheith cabhrach maidir leis an ullmhúchán agus leis an teagasc a dhéanfaidh tú in OSPS/OCG amach anseo a nascadh leis an ionchur atá tarlaithe.
- **Mioncheistiú tar éis ionchuir:** Cuir roinnt ama ar leataobh tar éis an ionchuir chun labhairt leis an aoichainteoir faoin gceacht nó faoin ionchur – d'fhéadfadh sé go mbeadh léargais agus aiseolas ag an aoichainteoir duitse mar aon le smaointe maidir leis na heispéiris foghlama atá ag teastáil le foghlaim na bpáistí a thabhairt chun cinn.
- **Athbhreithniú le páistí:** Tá sé tábhachtach a fhiafraí de na páistí céard a cheap siad faoin ionchur agus céard a thaitin agus nár thaitin leo. An raibh sé mealltach dóibh? An raibh réimse dhóthanach de mhodheolaíochtaí oiriúnacha i gceist chun freastal ar a gcuid riachtanas foghlama?
- **Iarr aiseolas ó thuismitheoirí/chaomhnóirí:** B'fhéidir go mbeadh sé oiriúnach aiseolas a iarraidh ó thuismitheoirí/chaomhnóirí tar éis ionchur, faoin dearcadh atá acu ar an taithí iomlán de chuireadh a thabhairt d'aoichainteoirí chun gnéithe de OSPS/OCG a theagasc, agus faoina gcuid tuairimí maidir le conas a thacaigh an taithí le foghlaim a bpáiste.
- **Athbhreithniú a dhéanamh ar úsáid na n-aoichainteoirí:** Is minic a bhíonn caidrimh sheanbhunaithe ag scoileanna le haoichainteoirí a dtugann siad cuireadh dóibh teacht isteach ina seomraí ranga. Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar éifeachtacht na n-aoichainteoirí seo agus athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar riachtanas agus raon na n-ionchur a chuirtear ar fáil. Is féidir é seo a bhaint amach trí chomhráite le

# Ag cuimhneamh ar úsáid agus ról aoichainteoirí in OSPS/OCG

páistí, le múinteoirí agus le tuismitheoirí faoin taithí agus faoin bhfoghlaim a baineadh amach ar mhaithe leis na hionchuir. Más é cuspóir an aoichainteora ná gur féidir leatsa, mar mhúinteoir, foghlaim uathu agus do chumas agus do mhuinín féin in OSPS/OCG a fhorbairt, agus go n-úsáidfear an méid a fhoghlaimeoidh tú i do chuid modheolaíochtaí múinteoireachta amach anseo, ba cheart go mbeadh plean soiléir i bhfeidhm, mar sin, le cinntiú gur gné shealadach de sholáthar OSPS/OCG laistigh den scoil é úsáid aoichainteora. D'fhéadfaí gur féidir an saineolas seo a roinnt le baill eile den fhoireann agus go mbeidh níos mó tionchair aige ar chleachtas na scoile ar fad chomh maith. Cuimhnigh go bhféadfadh sé go mbeadh múinteoirí i do scoil a bhfuil taithí acu agus atá oilte a bheadh sásta OSPS/OCG a theagasc leat mar fhoireann nó cead a thabhairt duit breathnú orthu agus OSPS/OCG á theagasc acu ionas go bhféadfá do chleachtas féin a fhorbairt. Tríd an gcaidreamh seo a bhunú le comhghleacaithe, d'fheadfaí deireadh a chur leis an ngá le cuireadh a thabhairt d'aoichainteoir agus an múinteoir ranga a chumasú an curaclam a theagasc in ionad é sin.


**Machnamh an mhúinteora**



- Ar bhain tú leas as aoichainteoir roimhe seo mar mhodh uasoiliúna? Má bhain, conas a chinntigh tú gur bheart sealadach é seo agus nach mbeadh gá leis an aoichainteoir amach anseo?

**An chéad chéim eile?**


Conas is féidir liom tacú le tuismitheoirí?



Foghlaim sa bhaile: *B'fhéidir go gcuimhneofá ar smaointe agus gníomhaíochtaí a lorg ó d'aoichainteoir d'fhonn iad a roinnt le tuismitheoirí/caomhnóirí chun tacú leis an ionchur agus chun é a fhiosrú tuilleadh.*

Cumarsáid: *Beidh sé tábhachtach cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí roimh ré faoi aoichainteoirí a d'fhéadfadh a bheith ag teagasc gnéithe de OSPS/OCG. Bheadh sé tábhachtach roinnt eolais faoi thaithí an aoichainteora agus faoin eagraíocht a bhaineann sé/sí léi má tá sé/sí ag caint faoi réimsí íogair de OSPS/OCG.*

Tacaíochtaí/léitheoireacht bhreise



Treoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta: *Treoir um dhea-chleachtas do bhunscoileanna maidir le húsáid clár agus/nó éascaitheoirí seachtracha ó thaobh folláine a chur chun cinn atá ag teacht le Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais na Roinne Oideachais agus Scileanna*

- Ciorclán Uimh. 0042/2018

Ráiteas Polasaí Folláine agus Creat Cleachtais

Tagairtí

CNCM (1999), *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte*, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Baile Átha Cliath.